



# Guth Ghoill Coiste Céim Aniar

## An Dara Eagrán

Tá suíl agaínn gur bhain síbh taítneamh as an chéad eagrán de Ghuth Ghoill. Cuireadh tuairími agus pictiúirí ar aís chugainn agus tugann sé sin le fios dúinn go bhfuil suim maith agaibh ann. Má tá moladh ar bith agaibh, nó scéal ar mhaith leat a chur isteach chugainn nó ábhar ar bith ar mhaith leat a phlé, déan teagmháil linn: Máire Ní Suibhne ('ac fhionnlaoch), Micheál Mac Laifeartaigh (Mici Mharcais) agus Finola Harte (Finola Húdai), Áras Ros Goill, Na Dúnaidh.




### Drámaiocht

Nil cuimhne ag duine ar bith ar cuireadh ceist orthu c'acu cuireadh dráma trí ghniomh i nGaeilge ar an ardán sa pharóiste seo ariamh nó nár cuireadh. Chaithfí glacadh leis nár cuireadh. Ach ní bheidh sin le rá ag pobal an pharóiste seo i ndiaidh na Cásca de thairbhe go bhfuil dráma trí ghniomh i nGaeilge scríofa ag fear Dhún Dúain – Proinsias Ó Cuilinn. Chan a dhath úr atá ann do Francie drámai a scriobh mar go bhfuil drámai breátha scríofa aige i mBéarla – dhá cheann déag ar fad. Seo an chéad ceann uaidh as Gaeilge agus 'sé an teideal atá air ná - 'Fear an Gheasta'. Tágann an teideal ón smaoineamh a bhí i gcónai láidir sa cheantar seo agus fá cheantair eile Gaeltachta agus 'sé sin go mbionn ar an duine deireanach a dhéantar a chur sa Reilig tréimhse a chaitheamh ag faire ar an gheasta. Bionn air nó uirthi fanacht ansin go dtí go gcuirtear an chéad duine eile.

Téann scéal an dráma siar in am go dtí'n bhliain 1928 agus críochnaíonn sé sa bhliain 1995, tréimhse seacht mbliana agus trí fichead. Tá na mothúcháin uilig ins an dráma seo – brón, fearg, cumhaidh, áthas, dóchas, náire, agus bród chomh maith le saint, bás, ceol agus craic.



'Siad aisteoirí Mhíobhaigh a bheas i mbun na h-aisteoireachta agus is é Francie é fhéin a bheas a léiriú. Tá tacáiocht mhór don dráma ag teacht ón Chomhlachas Náisiúnta drámaiochta agus ní h-iontas ar bith seo as siocar gur fear de bhunadh na h-áite Proinsias Ó h-Oireachtaigh (Frank Phaidí Mhánaí) atá ina chathaoirleach ar an Chomhlachas. Tá lúcháir ar Frank dár ndóigh a bheith ag teacht ar ais ar a fhód dúchais le treoir agus tacáiocht a thabhairt. Beidh an dráma ag dul ar an ardán thart fán Cháisc.



## OÍCHE FHÉIL BRÍDE

Is sean ghnás sa cheantar seo a bheith ag déanamh crosóga ar an oíche dheireannach d'Eanáir.

Bhéadh na feitheacha gearrtha roimh lú gréine. Bheirfi isteach 'na tí iad go deasghnách, cé go mbeadh athrach beag air ó theaghlach go teaghlach. I gcorr theach s'é fear an tí a thugfadh iad isteach, i dtíthe eile is é an ghírseach is sine a dhéanfadh é. Rachadh an fear nó an caillín amach agus bhuailli cnag ar an doras. Bheadh an té a bhí istigh ar a nglúine.

Deirfi amuigh, -

'Oíche fheil Bríde brúitíneach  
Bain an chluas den toirtíneach  
Téigí ar bhur nglúine  
Fosclaigí bhur súile  
Ligigí isteach Bríd Bheannaíthe'  
Déirfeadh an mhuintir istigh -  
'Sé beatha, sé beatha, sé beatha'



De gnáth ba í an caillín is óige sa teaghlach a osclödh an doras. Ansín spréifi na feitheacha amach ar an urlár. Bhí athrach ansin ar an ghnás ó theach go teach. Dhéanfaí na crosóga ar dtús agus iofsiá na brúitíni ína dhiaidh sin. I mo theaghlach fhéin nuair a spréifi na feitheacha, thógfai an pota cruinn dubh den tine agus sheasfaí é ar mhullach na feitheacha. Ansín bheadh na brúitíni againn agus dhéanfaí na crosóga ína dhiaidh.


B'fhéidir go raibh muid ró-ocrach agus go raibh muid i ndán obair níos fearr a dhéanamh agus ár mbolg lán. Nuair a bhí na crosóga déanta chraith muid uisce coisreachta orthu agus lá arna mhárach chuir muid ceann sa bhóitheadh, ceann sa stábla agus ceann in achan seomra sa teach.

I dteaghlaigh eile bhéarfai na crosóga

leis na Coinnle Mhuire le na gcoisreacadh ar an 2ú de Feabhra.

Bhí mé fhéin thuas i sean scoil na Maol Ruaidhe i mbliana i n-áit a raibh scáifte mór idir sean agus óg, ag Man dy agus

Donnelly Ó Dochartaigh i mbun na gcrosóga. Chuaigh gach duine ar a nglúna agus thóg Paddy Vaughan isteach nafeitheacha. Bhí dhá thíne mhaithe thíos agus rinneadh póta mór briútini agus ba orthu a bhí an blas maith festa!!



## Scéal Mháire Stephen

Chaith mé tamall ag caint le Máire Stephen thart fá seachtain ó shin agus bhí scéal breá suimiúil le hinsint aici fánsaol. Rugadh í ar an 12ú lúil 1918, thiar i Ros na Binne. Tá sí ina cónaí sa teach céanna in ar rugadh í, teach a tógadh sa bhliain 1910.



Chuaigh sí na scoile go Scoil Cheann na Leargáí. Scoil mheascaithe (integrated) a bhí anseo, páistí theaghlaigh Chaitliceach agus Protastúnacha ag freastail uirthi. Bhí beirt mháistreás sa scoil, agus ag am Teagasc Chríostaí rachadh dream amháin go dtí an múinteoir Protastúnach agus an dream eile go dtí an múinteoir Caitliceacha. Cé nach raibh ag Máire ach Gaeilge nuair a chuaigh sí na scoile, dúirt sí gur fíor bheagán a bhí sa scoil. Bhí suim aici ins an obair scoile go dtí gur fhág sí nuair a bhí sí ceithre bliana déag. Ní raibh a máthair i mbrí a tsláinte agus d'fhan sí sa bhaile ansin le cuidiú a thabhairt díthe aire a thabhairt don chlann.

Cé nach raibh cuid mhór de shaibhreas an domhain ag an aos óg níor chuir sin cosc orthu craic agus caitheamh aimsire thar barr a bheith acu. Is cosúil gur Teach Aindí an Ghabha, teach an cheoil agus damhsa. Thiocfadh Aindí Gallchóir agus Joe Jímí Eoin anuas as Tulach le ceol a sheinm. An oíche nach dtiocfadh siad chuirfeadh sean Aindí é fhéin ceirníní ar an ggramafón dóbhtha. Ansin ag deireadh na hoíche dhéanfadh bean Aindí an tae agus bhí go leor aráin ann do achan nduine.

Dúirt sí cuid mhór fá na saol agus ba mhaith liom cur síos a dhéanamh ar cúpla rud atá athraithe go mór agus a bhfuil tábhacht ag baint leo.

Ar dtús pointe grinn. Bhí muid ag caint fan phósadh agus d'inis sí fán fhear seo a chuaigh ar lorg bean:

Dúirt sé le fear an tí –

Bhuel tá mé ag cuartú bean, agus ma tá fhéin'

Dúirt an tathair leis –

Bhuel níl Máire istigh agus dá mbeadh fhéin'

An créatúr nach tútach an mhaise dó é! Mar a deireann muid anseo, - 'Amseán ceart a bhí ann'. Ag caint fá lá a bainise fhéin, i ndiaidh a pósadh i dteach an phobail, bhí an bricfeasta acu sa 'North Star'. D'imigh sí fhéin agus a fear céile, Charlie Bán i dtacsaí, i gcuideachta an beirt a sheas leo, síos go Carn Domhnach fá choinne an lá. Chuidigh na comharsana leis an dinnéar a fháil réidh do lucht na bainise tráthnóna. Nuair a tháinig an lánúin nua phósta na bhaile bhí bia, ólachán, ceol agus damhsa ann go mall siar san oíche.

Bhí naonúr clainne aici ach fuair gasúr beag bás tar éis cúpla mí agus ansin fuair girseach bheag bás le h-ailse fola nuair a bhí sí sé bliana go leith. Rugadh seachtar dá clann sa bhaile agus an bheirt dheireanach ins an ospidéal. 'Is mór an trua a dúirt sí', 'nár rugadh an tseachtar eile san ospidéal fostá. Bhí an cúram agus an aire níos fearr'. Bhí máithreacha óga ag brath ar chomharsana le cuidiú a fháil i n-amanna mar seo. Bhí sé deacair aire a thabhairt do thachrán nua rugtha agus gan neamairt a dhéanamh ar na páistí eile. Thug sí ard mholadh do Mháire Bhrógain mar gheall ar a cuidiú.

Thosaigh sí anseo ag chaint liom fá nósanna a bhí acu ina hóige. Nuair a rachadh duine isteach i dteach agus iad ag buaileadh bainne (ag maistriú) bhí sé tábhachtach greim a fáil ar an chuinneog agus buaileadh beag a dhéanamh. Muna ndéanfá seo thiocfaidh cuir i do leith gur bhain tú an t-im den chuinneog. Bhí nós eile ann fá fhágáil tí. D'fhágfadhl na daoine a bhí ag fágáil tí buidéil bhriste sa tintean. Bhí siad ag fágáil a ndroch ádh don mhuintir a bhí ag teacht le cónaí ann. Tá cuimhne mhaith aici. Thaispeán sí pictiúr domh de pháistí na scoile a glacadh thart fán bliain naoi gcéad déag fiche agus a naoi. Bhí sí ábalta ainm a chur le achan pháiste sa phictiúr. Tá scoith na Gaeilge aici. Bhí sí mar fhoinse ag Leaslaoi Lúcas nuair a chuir sé le chéile, 'Cnuasach Focal as Ros Goill'.

Tá mé an bhuioch díthe ar son a scéal a insint domh.

### Ainmneacha na bpáistí scoile



#### **Líne Tosaigh [clé go deas]**

Eddie Buchan, John Moore, Johnnie Stephen, Stephen Stephen, Pádaí Phádaí Mhanuis, Tom Moore, Eddie Peoples, Jim Mac Nutt, Joey Buchan.

#### **Darna Líne [clé go deas]**

Tommy Hay, George Buchan, Hannah Pháidí Fennie, Mary Pháidí Fennie, Peggy Eoin, Biddy Phádaí Fennie, Willie Mac Nutt, Bella Phádraig, Rosie Phádaí Mhanuis, Sarah Dhonnachaidh Phádaí Bhuí, Irene Dáibhí, Johnnie Phádaí Mhanuis, Joseph Mc Nutt.


#### **Triú Líne [clé go deas]**

Mary Mc Nutt, Mary Stephen, Cissie Aindí Gabha, Fannie Hay, Litisia Hay, Gretta Bhob, Maggie Jacob, Mary Ann Doherty, Madge Doherty, Sadie Bhob, Mary Pháidí Manuis, Ruby Dáibhí.

#### **Líne Deiridh [clé go deas]**


Jamie Buchan, Sandy Wilson, Ernie Bob, Willie Phádaí Mhanuis, Denis Dhónaill Bheag Anton Dochartaigh, Mrs Mc Intyre [múinteoir], Miss O Neill [múinteoir].

## An Churrach:




Seo báid a bhí le fáil go forleathan ar chósta thiar agus thuaidh na hÉireann agus go mór mhór thart ar chósta Ros Goill suas go dtí na mallaibh. Bhí siad déanta as bunábhar na háite agus bhí siad fóirsteanach don chósta corrach contúirteach atá againn. Bhí siad éadrom mar gurbh craiceann canbhás agus tarra bhí orthu agus an chreatlach déanta as na crainn coill agus saileoige, d'fhág sin iad furast a chur isteach agus amach 'na farraige. Seo ainmneacha de chuid de na páirteanna. Duine ar bith a bhfuil tuilleadh eolais acu cuir glaoch orainn.

1. An Gob
2. Na Baill tosaigh
3. Gullacha
4. Na Bosa
5. Na Ramhaí
6. Na Taftaí
7. An Buaille
8. Gar-adhmaid
9. An Seithe (Seiche)
10. Na Cuplaí
11. Na Baill Deiridh
12. Saileog
13. An Crann Coill
14. Béafach
15. Buideal beag uisce  
Coisreacain
16. An Chreatlach
17. An Taomán



**Ins an  
ghrianghraf ag  
taispeáint an  
chreatlach a cur  
le chéile, tá  
James Antoine Ó  
Dochartaigh  
agus Paidí Bhriní  
Mac  
Lochlainn , Baile  
na Deora.**

Mar eolas d'ár léitheoirí, tá ceann de na currachaí a thóg Nonaí Mac Giolla Bhríde as an Corrach ar bhuan – taispeántas ins An Iarsmalann Uladh, Béal Feirste.



## COMHAIRLE ULADH & C.L.G. na nDÚNAIBH

Roinnt seachtain ó shin tháinig Mícheál Ó Grinnán Leas-Uachtarán Chomhairle Uladh C.L.G. agus Séamus De Faoite, Oifigeach na Gaeilge Chomhairle Uladh 'na nDúnaibh chun plaque a bhronnadh ar an Chumann áitiúil mar aitheantas don tacaíocht agus don t-seirbhís atá tugtha acu do Chomhairle Uladh le cúig bliana déag chun seachtain na Gaeilge a reáchtáil in Ionad C.L.G sna Dúnaibh sa tSamhradh. Tá seachtain na Gaeilge a reáchtail anseoanois faoi stiúir Shéamas De Faoite le cuig bliana déag agus tá méadú mór tagtha ar an lín daoine a dhéanann freastal ar an chúrsa le linn an ama sin. Bhí suas le dhá chéad duine ar chúrsa na bliana anuraidh agus dar ndóigh cuireann sé go mór le séasúir na turasóireachta sa cheantar. Bhí uachtarán nua-thofa C.L.G. Seán Ó Ceallaigh anseo anuraidh agus bhí sé tógtha go mór leis an dóigh a rinneadh an chúrsa a stiúradh agus le h-áilleacht an cheantair féin dar ndóigh. Beidh cúrsa na bliana seo ar siúl ón 19ú de Iúil go dtí an 24ú de Iúil.



### CRUINNÍU CINN BHЛИANA CÉIM ANIAR

Ar an Domhnach an dara lá fichead de mhí Feabhra a bhí a gCruinníu Cinn Bhliana ag Céim Aniar in Áras Ros Goill. Bhí suas le leathchéad i láthair, rud a thaispeánann go bhfuil tacaíocht láidir san cheantar don obair atá idir lámha ag Céim Aniar i gcur chun cinn teanga agus cultúr. Pléadh go mion ag an chruinníu na h-imeachtaí agus an obair seo uilig atá ar siúl. Tá aithbhreithniú á dhéanamh ag an choiste i láthair na h-uaire chun an obair uilig a mheas agus chun laigí a aitheáne. Uaidh seo beidh Céim Aniar ábalta pleánail don todhchaí. Táthar ag súil díriú isteach ar an aos óg níos mó as seo amach, agus chuige sin bainfear úsaid as an €4,000 a bhain Céim Aniar i gcomórtas "An Baile Beo". *Seo leanas an coiste a toghadh :*

**Cathaoirleach :** Aodh Mac Laifeartaigh,  
**Leas-Chathaoirleach:** Mícheál Mac Giolla Bhríde  
**Rúnaí :** Noirín Goulding  
**Leas-Rúnaí :** Mícheál Ó Dochartaigh,  
**Cisteoir :** Seán Mac Giolla Bhríde,  
**Leas-Chisteoir :** Antoin Mac Eiteagáin.

#### Coiste :

Proinsias Mac Giolla Bhríde, Na Dúnaibh,  
 Seán Ó Buaidhe, Na Dúnaibh,  
 Mícheál Mac Giolla Bhríde, Cluain t-Saileach,  
 Donchadh Ó Brógaí, Meall Mór,  
 Darach Mac Laifeartaigh, Ceann na Leargaí,  
 C. Ann Ní Dhochartaigh, Gort na Bráid,  
 Hugo Mac Laifeartaigh, Dumhaigh,  
 Stiofán Ó Dochartaigh, Duibhlinn Riach.

## CÚRSAÍ CEOIL:

*Cuireadh grúpa traidisiúnta ceoil le chéile anseo san pharóiste anuraidh faoi stiúir Shiobhán Uí Ghallchóir agus le tacaíocht láidir ó Céim Aniar. Bhí suas le cúig chloigean déag ar fád san ghrúpa ag seinm agus ag ceol. Rinneadh cleachtadh ar feadh míosa i dtús báire agus ansin sheinn siad dhá oíche sa t-seachtain, oíche Luain sa Sibín Ceoil agus oíche Chéadaoin in Óstlan Na Trá, le linn Mí Iúil agus Mí Lúnasa. Don bhliain seo beidh ós cionn scór san ghrúpa – na h-uirlísi traidisiúnta uilig a sheinn agus amhráin Ghaeilge a cheol. Tá an cleachtadh ar siúl ó thus Mí Feabhra. D'éirigh le Céim Aniar tacáiocht a fháil dóibh ó Rannóg Cultúrtha an Údarás.*



22/02/2004

Iomracha ar Thaobh:

Cuireadh eorna sna hiomracha lethain agus prátaí sna hiomracha cúngra. Dúirt an tseanmhuintir nár chuir an gor-ta mór amach ná isteach ar an bharr a bhí curtha anseo ag an am. Bhí cúpla teaghlaach ina gcónaí anseo thart fá 1827 de réir na dtuairisci.

An Campa;

Suite ar phointe an Mhill Mhóir, an pointe is faide ó thuaidh i leathinis Ros Goill. Tógadh an túr seo in 1804 ar eagla go ndéanfadh na Frainencaigh ionsaí ar an tír seo i rith an chogaidh in éadan Napoleon. Cé gur i 1995 a tógadh an pictiúr seo thit lear den túr ó shin agus níl fágtha anois ach na ballóga.

Dea Chomhairle:

*Ná habair a bhfeictear duit,  
Is beag an díobháil a ní an tost;  
Éist le comhrá duine ghile,  
Tuig is líg morán thart.*

*Is fearr asal a iompras thú,  
Na capall a chaitheas thú.*

*Na trí cairde is fearr is na trí náimhde is  
measa;  
Tíne, Gaoth is Uisce.*


*Dá mbeadh a fhios ag duine a leas,  
Ní dhéanfadh sé a aimhleas.*

Poll na Gréine:

Soir ó Thrá na Rosann ar thaobh Chnoc na Sleá ag amharc amach ar Shleamhna, Tor Mór, Carraig Ghoill. Áit mhaith don iascaireacht, agus áit ghalánta le luí gréine.

Caiseal na bhFiann:

Suite ar an Chnoc Mhór os cionn Dhumhaigh. Áit a ndeirtear go raibh baint ag Fionn Mac Cumhaill agus na Fianna leis. Tá cuid de na balláí le feiceáil go fóill. Deirtear gur ionaid chosanta a bhí sna caisil seo agus tá go leor acu le fáil ar fud na tíre.

**Caiseal na bhFiann i ndeas duit.****Caiseal na bhFiann i bhfad uait.**



## ANNIE NIC GIOLLA BHRÍDE

Tamall roimh Nollaig a fuair Annie MhicíRua bás i dteach a hiníon, Máire, in Umlach. Rugadh Annie ar an Ghliobh ar an 27ú de Meitheamh 1920. Ba iníon í de Páidí MhicíRua agus lena bhean Rosie Dhonchaidh Mhícheáil.

Chaith sí a saol ar an Ghliobh agus ba sa teach inár rugadh í a chaith sí a saol agus a thóg sí a clann. Níl mórán daoine a théann thart ar an Drive nach gcuireann sonrú san teach céanna sin – teach álainn cloch ag amharc amach ar Bhá Thrá na Rossan. Ba siúinéir a bhí ina h-athair agus bhí sé ina mháistir ar a cheird. Tá a chuid oibre le feiceáil san teach.

Bean a bhí in Annie a bhí iontach gealgháireach, lán grinn agus craic. Ach mar sin fhéin ní bheadh leisce ar bith uirthi insint duit amach díreach a barúil fá rudaí c'acu a bhí sé le do shásamh nó nach raibh. Bhí sí macasamhail mná eile an cheantair a bhí ar chomhaois leithe sa mhéid nach raibh léan na cruatan an tsaoil i bhfad uatha agus iad ag fás aníos ach chuidigh an creideamh láidir a bhí acu ualach agus buaireamh an t-saoil a choinneáil i bhfolach agus ligint don ghreann agus don spraoi theacht ar uachtar.

Nuair a ba ghnáth lei freastal a dhéanamh ar na cluichí peile sna blianta a chuaigh thart d'fheicfeá Annie go rialta ag déanamh an choróin Mhuire lena chinntiú go mbeadh dea-thoradh ar an chluiche. Ar chlár 'Barrscéalta' ar Radio na Gaeltachta cúpla bliain ó shin rinne sí cur síos ar an am a deachaigh sí lena h-athair a dhéanamh poitín. Agus anuraidh fhéin i Mí Feabhra ag an oíche Airneáil a bhí ag Céim Aniar sa Sibín Ceoil d'inis sí scéal breá a chuala sí ina hóige. Bhí croí Annie san Ghaeilge agus is cailliúint mhór don phobal Gaelach a bás. Déanfar í a chrothnú go mór. Ar dheis lámh De go raibh a hanam Gaelach dílis.



Seo cúpla pictiúr ar chlé de'n dá rang feadóig stáin atá ag reáchtáil tré mheán na Gaeilge in Áras Ros Goill gach tráthnóna Dé Máirt. Tá an cursa ar siúl i láthair na h-uaire faoi stiúir Phádraig Úi Mhaoileoin, agus sa rang seo thuas, tá páistí idir 5 agus 7 mbliana d'aois, agus sa rang thíos tá páistí idir 8 agus 11 bliana. Tá seo ina chuid de chlár imeachtaí atá á socrú do pháistí. Indiaidh am scoile. Tá, fosta, rang scéalaíochta ann do pháistí idir 5 agus 7 mbliana d'aois agus amach anseo beidh eolas ann faoi imeachtaí úra.

